

Polaitíocht na hÉireann – Quiz

Obair bheirte

Tabhair faoin quiz leat féin ar dtús agus ansin pléigh do chuid freagraí leis an duine in aice leat.

1. Tá dhá thír ar Oileán na hÉireann. Cad iad?
2. Cad é suaitheantas náisiúnta na hÉireann?
 - an tseamróg
 - an chláirseach
 - an práta
3. Cén bhliain a bhí an chéad Oireachtas in Éirinn?
 - 1917
 - 1645
 - 1264
4. Cé hé nó hí an Taoiseach?
5. Cad é an teideal oifigiúil atá ar an cheann stáit?
6. Fógraíodh Éire ina poblacht ar an:
 - 18 Aibreán 1949
 - 20 Aibreán 1949
 - 18 Aibreán 1948
7. Cá fhad a mhaireann an téarma uachtaránachta?
8. Cad iad na ceithre pháirtí polaitíochta is mó sa tír faoi láthair?
9. Cad is ainm don dá theach san Oireachtas?
10. Cé acu den dá theach ó cheist 9 a bhfuil a bhaill tofa agus cad is ainm do na baill sin?
11. Cén t-ainm a thugtar ar chóras toghcháin na hÉireann?
12. Cén Ghaeilge atá ar an DUP agus an SDLP?



Polaitíocht na hÉireann – Plé

Obair ghrúpa - plé

Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An raibh tú in ann gach ceist a fhreagairt sa quiz?
2. An bhfuil mórán suime agat i gcúrsaí polaitíochta?
3. An bhfuil tú gníomhach i gcúrsaí polaitíochta?
4. An bhfuil aithne agat ar na Teachtaí Dála atá i do dháilcheantar?
5. Cad a cheapann tú faoin pháirtí polaitíochta _____?
6. Cad a cheapann tú faoin fhreasúra?
7. Cá huair a mbeidh an chéad olltoghchán eile, dar leat?
8. Cad iad na tuairimí atá agat faoin Aontas Eorpach?

Bain úsáid as an stór focal sa chiorcal chun cuidiú leat:



Comhairle Contae Comhairle Cathrach
 Comhairleoir Uirlabhraí
 Móránh/Triomach Mionlach Comhrialtas
 An eite dheis An eite chlé
 Coimisiún na hEorpa Comhairle na hEorpa
 Breatimeacht

Ná déan dearmad ar na nathanna úsáideacha seo agus tú i mbun cainte:

Tá mé gafa le...
 Tá sé gníomhach i...
 Is cuma liom faoi...
 Níl aon chur amach agam ar...
 Níl suim dá laghad agam i...
 Tá mé tógtha le...
 Tá mé tinn tuirseach de...
 Tá amhras orm faoi...
 Tá meas agam ar...



Na Ranna Rialtais

Obair bheirte - plé

Féach ar an liosta thíos de na ranna rialtais. An dtuigeann tú gach teideal? Pléigí freagracht gach roinne le chéile. Déanaigí cur síos ar an obair a dhéanann siad.

- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil
- An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
- An Roinn Cosanta
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Airgeadais
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- Roinn an Taoisigh
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt



**An Roinn Gnóthaí
Eachtracha agus Trádála**
Department of
Foreign Affairs and Trade

Obair bheirte - Airí Rialtais

Samhlaigh gur tusa an tAire Airgeadais agus go bhfuil tú freagrach as an bhuiséad. Caithfidh tú cinneadh a dhéanamh ar conas an t-airgead a roinnt idir na ranna ar fad. Mar shampla: Má cheapann tú go bhfuil tábhacht níos mó ag baint leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ná ag an Roinn Cosanta, chuirfeá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige sa chéad bhosca agus an Roinn Cosanta sa tríú bosca.

Níos mó ná 200 milliún euro	Níos mó ná 500 milliún euro	Níos mó ná 1 billiún euro

Cad a bhí ag an duine in aice leat? Pléigí na difríochtaí a bhí eadraibh agus bígí cinnte go bhfuil sibh in ann bhur roghanna a mhíniú.

Obair bheirte - plean oibre rialtais

Anois roghnaigí ceann amháin de na ranna a chuir sibh sa bhosca thuas. Scríobhaigí amach forógra don phobal (an rang) ar conas a chaithfidh sibh an t-airgead.

Gnóthaí Eachtracha – Dán

Filíocht

<p>Deora do Mheiriceá <i>Michael Davitt</i></p> <p>deoir don deoraí caol dubh a tháinig i dtír fuair leaba na hoíche cóiriú gan chaoile d'éirigh ó thalamh urlár ar urlár shlog glan an domhan tiar shlog glan an domhan toir & d'at d'at d'at .com</p> <p>deoir don Rí 'chroith a chromáin & chuir cailíní fadsciortacha sna trithí nó gur phléasc na burgers trína ionathaR amach</p> <p>deoir do Bhanríon na finne na gile na gcuar Bandia an scáileáin mhóir leannán na n-uachtarán 'leáigh isteach sa tsíoraíocht i gceo piollaí</p> <p>deoir do UNCLE SAM d'éalaigh as Rehab d'ól a raibh de Jack Daniels i Mr Bojangles núiceáil an tSeapáin dhein dúirling de Pyong Yang chaith ceathanna neipeam ar Vít Neam bhuan bhuan bhuanáil an Iaráic an Iúgsláiv an Afganastáin</p>	<p>deoir do Coca Cola 'cuir a lámh ghréiseach i bpóca tóna ár Levi's á rá DietCokeSiree gan ann ach uisce & aspartame</p> <p>deoir do Heinz & do Nike trádálaithe trasdomhanda 'bhéic freedom os ard i gcogar bhéic SAINT</p> <p>& a dheoraí na ndeor a dheartháir ag ar fágadh rogha an dá dhíogha loscadh nó léimt</p> <p>as urlár 22 léimeann t ú fiolar gan eite a g t i t i m go talamh .z e r o</p>
--	---

Gluais

deoraí – exile
gan chaoile – without meagreness
tiar – thiar
toir – thoir
chroith – shook
a chromáin – his hips
sna trithí – convulsions of laughter
ionathar – bowels
Bhanríon na finne – fair Queen
leannán – lover
dúirling – duirling – stone beach
gréiseach – girríseach – frisky
i gcogar – in a whisper
béic – shout
rogha an dá dhíogha – choice of two evils
loscadh – burning
fiolar – iolar – eagle




Gnóthaí Eachtracha – Plé

Obair bheirte – tagairtí cultúrtha

Cé hiad na daoine seo, dar libh, nó cé dó a seasann siad:

1. an deoraí caol dubh
2. an Rí a chroith a chromáin
3. Banríon na finne
4. Uncle Sam
5. Jack Daniels
6. Mr Bojangles



Obair ghrúpa – plé

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad é téama an dáin?
2. Cad a cheapann tú faoi struchtúr an dáin agus faoi conas a chuireann sé le rithim an dáin?
3. Cad í an íomhá is fearr leat? Cad chuige?
4. Cad a roghnófa mar amhrán le dul leis an dán? Cén fáth?
5. An gcuireann an dán aon chéad faoi leith sna Stáit Aontaithe i gcuimhne duit? Cén fáth?
6. An maith leat an dán? Cén fáth?

Obair leat féin – céim eile

Léigh an dán arís agus roghnaigh topaic amháin faoin pholaitíocht idirnáisiúnta. Déan taighde ar an topaic sin agus cuir an méid a d'fhoghlaim tú i láthair an ranga.



Gnóthaí Eachtracha – Léamh A

Obair ghrúpa – réamhobair léitheoireachta

Pléigh na ceisteanna seo le chéile:

1. Cad atá ar eolas agat faoi Nicolae Ceausescu?
2. Cé a bhí ina Phríomh-Aire agus ina Uachtarán ar an tSiombáib ó 1980 go dtí 2017?
3. Cad is brí le líne lipéid an ailt?

‘Ní bhíonn fonn ar an deachtóir a chuid cumhachta a ghéilleadh’



Obair bheirte – cúrsaí foclóra

Meitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

1. monabhar	a) bait
2. dánaíocht - dánacht	b) boldness
3. baoite	c) braggadocio
4. ag slogadh	d) gluttony
5. craos	e) happen
6. buaileam sciath	f) hint
7. cinseal geal	g) irritating part of the story
8. cleasaíocht	h) marble
9. diallait	i) murmur
10. ráinigh	j) saddle
11. sanas	k) surface
12. drompla - dromchla	l) swallowing
13. marmar	m) trickery
14. oighear an scéil	n) white supremacy

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14

Obair ghrúpa – cluiche cuimhne

Beidh sibh ag imirt cluiche cuimhne ar ball. Míneoidh an múinteoir rialacha an chluiche daoibh ar dtús.

Gnóthaí Eachtracha – Léamh B

Pálás agus poimp

*Ní bhíonn fonn ar an deachtóir a chuid cumhachta a ghéilleadh.
Alan Titley, 27 Samhain 2017*



Ó am go chéile nuair a bhíonn daoine cráite faoi shaol na polaitíochta (agus b'fhéidir nach ó am go chéile é sin) cloiseann tú an monabhar. Ó chúinní an bhéil i dtosach, agus ansin gabhann i ndánaíocht: 'Is é atá uainn anois ná deachtóir chun an tír a chur ina ceart!' Nuair nach nglactar go lánfhonnmhar leis an mbaoite, tharlódh go maolófaí é mar 'bhuel, deachtóir bog...ar feadh tamaill.'

Is í an fhadhb leis sin nach nós le deachtóirí a bheith bog, ná a bheith sásta fanacht i réim 'ar feadh tamaill.' Ach an oiread leis an mbaincéir nach mbíonn riamh sásta le 'go leor airgid', ná an tImpire le 'go leor tíortha', níl cumhacht ná smacht dá mhéid a shásódh an deachtóir ach é ag slogadh leis de réir leithne a chraois.

Bhí sampla eile againn de sin le déanaí nuair a cuireadh d'iachall ar Robert Mugabe éirí as ina fhearann príobháideach féin a mbíodh an tSiombáib air. Ach an oiread le go leor deachtóirí eile thosnaigh sé le buaileam sciath agus le séideadh trumpaí go hard. Ba ghaiscíoch é sa chogadh in aghaidh na Sasanach ar dtús, agus ina dhiaidh sin i gcoinne an chinsil ghil a ghabh ceannas faoi Iain Smith. Ní raibh sé sásta géilleadh go furasta nuair a bhí na cainteanna réitigh á ndéanamh don tsaoirse, agus ba mhór é a amhras riamh faoi chleasaíocht ghallúnshleamhain Rialtas na Breataine san idirghabháil sin.

Sa diallait dó, mhéadaigh sé ráta litearthachta na tíre go os cionn 90%, agus é seo go gasta; agus dháil sé feirmeacha ar na bochta ar baineadh dá sin-seanaithreacha iad le bulaíocht is le bíoblaí. Ba léir, áfach, go raibh intinn seo na cothromachta agus na córa ag athrú de réir a chéile. Is fíor go bhfuil scata rialtóirí ann a mbronntar céimeanna ollscoile orthu in ábhair nach léir aon saineolas a bheith acu iontu, ach n'fheadar an bhfuil deachtóir ar bith eile ann a bhuaigh crannchur a thíre féin mar a dhein seisean!?


Ar a laghad níor tugadh bata agus gunna dó mar a tugadh do dheachtóir eile a raibh sé an-mhór leis. Casadh é féin agus Nicolae Ceausescu na Rómáine ar a chéile cúpla uair, agus ráineodh gur fhoghlaim sé rud éigin ón gcinniúint a rug air siúd. Tharla mé féin sa Rómáin le déanaí agus fág amaídí thurasóireacht Dracula i leataoibh, b'é an pálás a thóg Ceausescu, an Palatul Parlamentului, an feic b'iontaí agus ba shúil-leathnaí ar fad go léir uile uileag. Dá mbeadh sanas ag Louis XIV air bheadh sé ag snaidhmearnaigh soir siar ina uaighín cré le héad. Bothán, i bhfoirm, is ea Versailles suas is anuas ar ghualainn leis. Maítear gurb é an foirgneamh is troime ar domhan é, bíodh nár éirigh le haon duine é a ardach fós. Maítear, leis, gur féidir é a fheiscint ó dhrompla na gealaí, fág nach dóigh liom go raibh Neil Armstrong ná Buzz Aldrin, ná go deimhin féin Harrison Jack Schmitt ag faire amach dó. Ídfodh a raibh de mharmar sa Rómáin sa tógáil, agus bhí breis agus 700 ailtire páirteach ina cheapadh. Cé go bhfuil parlaimint na Rómáine agus oifigí eile rialtais lonnaithe anois ann, ní úsáidtear breis agus a leath fós de bharr a ollmhéid.

Is é oighear an scéil é, áfach, nach bhfaca Nicolae an t-earra críochnaithe riamh in ainneoin gur ina shamhlaíocht siúd a gineadh an sclábhaíocht a rinne. Tá tolláin agus pasáistí rúnda órnite thíos ina bholg ar son éalaithe sa chás is go dtiocfadh fearg an phobail chun an dorais. Tháinig, ach ródhéanach dó.

Bhí de chiall ag Mugabe imeacht sular déanadh Ceausescu de.

Míreanna nuachta

Obair ghrúpa



Grúpa 1

Téigí go dtí an suíomh <http://vifax.maynoothuniversity.ie/an-bhliain-acaduil-seo/> agus roghnaíí mír a bhaineann leis an pholaitíocht in Éirinn. Féachaigí ar an mhír a roghnaíonn sibh. Beidh sibh ag cur na míre i láthair an ranga ar ball. Seo thíos an tasc atá le déanamh agat:

1. Míneigh cad a bheidh faoi chaibidil sa mhír.
2. Scríobh na focail is deacra ar an chlár agus pléigh na focail sin leis an rang le bheith cinnte go dtuigeann siad iad.
3. Seinn an mhír faoi dhó.
4. Cuir ceisteanna ar an rang le cinntiú gur thuig siad an mhír.
5. Bain úsáid as na cleachtaí gramadaí chun pointe gramadaí a mhúineadh don rang.

Grúpa 2

Téigí go dtí an suíomh <http://vifax.maynoothuniversity.ie/an-bhliain-acaduil-seo/> agus roghnaíí mír a bhaineann leis an pholaitíocht idirnáisiúnta. Féachaigí ar an mhír a roghnaíonn sibh. Beidh sibh ag cur na míre i láthair an ranga ar ball. Seo thíos an tasc atá le déanamh agat:

1. Míneigh cad a bheidh faoi chaibidil sa mhír.
2. Scríobh na focail is deacra ar an chlár agus pléigh na focail sin leis an rang le bheith cinnte go dtuigeann siad iad.
3. Seinn an mhír faoi dhó.
4. Cuir ceisteanna ar an rang le cinntiú gur thuig siad an mhír.
5. Bain úsáid as na cleachtaí gramadaí chun pointe gramadaí a mhúineadh don rang.

Cén ról atá ag an rialtas?

Obair bheirte – plé ginearálta

Cad é ról cóir an rialtais i dtír:

An tír a chosaint i gcónaí agus go míleata más gá:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Tacú le daonlathas i dtíortha thar sáile i gcónaí:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Rialacha a leagan amach faoi chearta pósta na saoránach:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Oideachas saor in aisce a chur ar fáil do chách:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Ioncam íosta a thabhairt do sheanóirí na tíre:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Bunphá a thabhairt do gach saoránach:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Árachas sláinte a thabhairt do leanaí agus do sheanóirí amháin:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Árachas sláinte a chur ar fáil do chách:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Airgead a infheistiú san earnáil ghnó:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Déantúsaíocht na tíre a chur chun cinn i gcónaí:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Gan ach inimircigh cháilithe a ligean isteach sa tír:

- Aontaím
- Ní Aontaím



Cén ról atá ag an rialtas? Ar lean

Rialú docht a dhéanamh ar dhrugaí, ar thruailliú na timpeallachta agus ar bhia ar mhaithe le saoránaigh na tíre a chosaint:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Asbhaintí cánach a thabhairt do ghnóthaí agus d'úinéirí tí chun eacnamaíocht na tíre a chothú:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Cúnamh a thabhairt do thíortha iasachta i gcónaí:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Rialacha déine a chur i bhfeidhm chun an caidreamh idir fostóirí agus fostaithe a dhéanamh níos fearr:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Rialacha a chur i bhfeidhm san earnáil phríobháideach le cinntiú nach ndéanfar leatrom ar éinne de bharr cine nó gnéis:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Rialacha déine a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta gach saoránach a chosaint ó chomhlachtaí móra teicneolaíochta:

- Aontaím
- Ní Aontaím

Conas a chuirfeá síos ort féin ó thaobh na polaitíochta de:

- Coimeádach
- Cumannaí
- Glasach
- Liobrálach
- Sóisialach
- Eile

